

## Is Eolaí Mé: Réamhobair

**A** Pléigh na ceistanna thíos le do pháirtí ranga.

- Cén cineál lae atá ann inniu?
- Cén cineál aimsire is fearr leat féin?
- Cén sórt aimsire a bhí ann cothrom an lae seo an tseachtain seo caite?

**B** Meaitseáil an focal leis an mbrí atá leis.

drochaimsir	<i>fair</i>
timthriall an uisce	<i>obsessed with the weather</i>
tógtha suas le cúrsaí aimsire	<i>bad weather</i>
báisteach	<i>balmy</i>
téamh domhanda	<i>rain</i>
comhshaolaithe	<i>global warming</i>
ag sú na gréine	<i>sunny and warm</i>
brothallach	<i>the water cycle</i>
measartha	<i>sun-bathing</i>
grianmhar agus meirbh	<i>environmentalists</i>

**C** Líon na bearnaí leis na focail ó Chuid B thuas.

- Tá an-cháil ar mhuintir na hÉireann mar dhaoine atá \_\_\_\_\_.
- Tá ceithre chéim ag baint le \_\_\_\_\_: galú, comhdhlúthú, frasaíocht agus rith chun srutha.
- Is éard atá sa \_\_\_\_\_ ná an méadú taifeadta ar mheánteocht atmaisféar agus fharraigí an domhain.
- Is é an rud is fear faoin aeráid sa tír seo ná go mbíonn an aimsir \_\_\_\_\_ de ghnáth - ní bhíonn sí róthe ná rófhuar.
- Tá donnú bréige níos sábháilte ná a bheith \_\_\_\_\_ ach ní bhíonn cuma nádúrtha air riamh!
- Aontaíonn \_\_\_\_\_ go dtarlaíonn téamh domhanda de bharr ghníomhaíochtaí an duine.
- Seanfhocal: 'Níor tháinig stoirm ariamh gan \_\_\_\_\_ ina dhiaidh.'
- Tá an spéir ag éirí dorcha - is cosúil go bhfuil \_\_\_\_\_ ar an mbealach.
- Tugtar samhradh beag na ngéanna ar an tréimhse sin sna céad seachtainí de Mheán Fómhair nuair atá an aimsir te agus \_\_\_\_\_.
- Ba chóir dátaí na hArdteistiméireachta a athrú mar chomh luath is a thosaíonn sí, tagann feabhas ar an aimsir agus bíonn sé \_\_\_\_\_ - tarraingíonn sé aird ó na scrúduithe!



## Is Eolaí Mé: Mír a hAon

**A** Freagair na ceisteanna.

**1. Meaitseáil na huirlisí leis na rudaí a thomhaiseann siad.**

teirmiméadar

*luas na gaoithe a thomhas*

baraiméad

*teocht a thomhas*

ainéimiméadar

*brú san aer a thomhas*
**2. Céard a léirítear nuair a ardaíonn leibhéal an uisce sa sop?**

- go bhfuil an teocht ag ardú
- go bhfuil an brú ag ardú
- go bhfuil luas na gaoithe ag ardú

**3. Cén chaoi a léiríonn an balún an brú?**

- atann sé nuair a ardaíonn an brú ón taobh amuigh
- atann sé nuair a thiteann an brú ó taobh amuigh
- atann sé nuair a ardaíonn an brú ón taobh istigh

**4. Céard a bhíonn greamaithe de na balúin ollmhóra ag meitéareolaithe?**

- saitéilít
- uirlisí taifeadta
- ceamaraí

**B** Meaitseáil tús & deireadh na seanfhocal thíos. Pléigh céard is brí leo le do pháirtí ranga.

Is iomaí athrú	<i>gan fuacht.</i>
Dá fhad é an lá,	<i>lá na scoilbe.</i>
Ní hé lá na báistí	<i>a chuireann lá Márta de.</i>
Is annamh earrach	<i>gaoithe aneas, sin báisteach.</i>
Is olc an ghaoth	<i>nach séideann maith do dhuine eigin.</i>
Ní hé lá na gaoithe	<i>tagann an oíche.</i>
Mol an lá	<i>um thráthnóna.</i>
Teas gaoithe aduaidh nó fuacht	<i>lá na bpáistí.</i>

**C** Plé ranga.

- Cén fáth a mbíonn aimsir dhifriúil i dtíortha difriúla?
- An athraíonn an aeráid thar am?
- An bhféachann tú ar réamhaisnéis na haimsire?
- An mbíonn tionchar ag an aimsir ar an gcaoi a n-airíonn daoine?



Is Eolaí Mé: Mír a Dó

## A

## Gach cineál aimsire.

Bí ag labhairt le do pháirtí ranga faoi na rudaí a dhéanann tú le dul i ngleic le cineálacha difriúla aimsire. Cuir tús leis na habairtí thíos, mar a bhaineann sé leat féin.

- ... nuair a bhíonn sé ag cur báistí.
- ... nuair a bhíonn sé ag cur sneachta.
- ... nuair a bhíonn sé fuar.
- ... nuair a bhíonn drochaimsir ann.
- ... nuair a bhíonn an ghrian ag taitneamh.
- ... nuair a bhíonn sé ag cue seaca.
- ... nuair a bhímse ag tiomáint sa cheo.
- ... nuair a bhíonn sé stoirmiúil.
- ... nuair a bhíonn tintreach san aer.
- ... nuair a bhíonn sé scamallach.
- ... nuair a bhím i dtír the.

## B

## Na séasúir.

Pléigh na ceistanna thíos le do pháirtí ranga.

- Céard é an séasúr is fearr leat?
- An bhfuil mórán difríochta ann idir na séasúir in Éirinn, dar leat?
- Céard é an rud is fearr leat a dhéanamh sa gheimhreadh?
- Céard é an rud is fearr leat a dhéanamh sa samhradh?



Is Eolaí Mé: Mír a Trí

**A Freagair na ceisteanna.**
**1. Cuir in ord, 1 – 4, na rudaí a dhéanann Fiona gach lá:**

- aistríonn sí an script go Gaeilge
- labhraíonn sí le meitéareolaithe
- déanann sí taifeadadh ar an mír aimsire
- aimsíonn sí an script

**2. Céard nach luann Fiona i measc a cúraimí?**

- a bheith ag obair mar cheamaradóir
- a bheith ag tuairisciú ó áiteanna eile ar fud na tíre
- a bheith ag plé le soilse
- a bheith ag plé le cúrsaí fuaime
- a bheith ag eagarthóireacht

**3. Céard a dhéanann Chroma Key?**

- Déanann sé taifeadadh ar na míreanna
- Baineann sé amach rud ar bith gorm a bhíonn le feiceáil ar an seit
- Is féidir grafaicí a dheardh leis

**B Réamhaisnéis na haimsire.**
**Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.**

- Cé na daoine a bhraítheann ar an aimsir?
- An bhfuil an aimsir tábhachtach duitse?
- Cá bhfaigheann tusa eolas faoin aimsir atá geallta, de ghnáth?

**C Aimsir dheannachtach.**
**Cuimhnigh siar ar na tuillte a bhí in Éirinn in 2015 agus ar an bhfuacht marfach a bhí san Eoraip in 2016 agus freagair na ceisteanna thíos.**

- Cén drochaimsir a bhí againn in Éirinn in 2015?
- Ar chuir an drochaimsir isteach ort féin?
- Cén chaoi a gcuireann drochaimsir as do na grúpaí seo a leanas?
  - daltaí scoile
  - feirmeoirí
  - tiománaithe
  - seirbhísí éigeandála agus ospidéal
  - seandaoine
  - ainmhithe
- An gcreideann tú go mbaineann an drochaimsir le téamh domhanda?